| Matamaitic | Meitheal Forbartha Cruinniú #8 29 Aibreán 2025<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Miontuairiscí, Rialachas** | Glacadh le miontuairiscí agus níor cuireadh aon choimhlint leasa in iúl. |
| **An tEolas is Déanaí agus dréachtghrafaicí** | Tar éis plé gairid ar inbhainistitheacht, tugadh amach 2 dhréachtghrafaic ar struchtúr an chúrsa. Bhris an Mheitheal Forbartha amach i ngrúpaí beaga agus airíodh an méid seo a leanas san aiseolas a thug siad:<br>- Cuireadh fáilte roimh an dá ghrafaic, le Grafaic 1 (rothaí fiaclacha) ag léiriú cumas níos mó chun nádúr an chúrsa a chur in iúl.<br>- Athróidh ábhar na gCoincheap Bunúsach agus forbairt níos mó ag teacht ar gach leagan.<br>- Tá seans ann go mbeidh gá ann cuid den teanga sna grafaicí a athrú |
| **Snáithe Ábhair 2:<br>Athrú agus caidrimh a iniúchadh** | Chuir an Mheitheal Forbartha fáilte fhorleathan roimh an dréacht. Áiríodh seo a leanas sa phlé:<br>- Conas feidhmeanna a chur i láthair mar choincheap ginearálta nó le samplaí sonracha le staidéar a dhéanamh orthu<br>- Chabhródh Áireamháin Ghrafacha (AG) go mór leis an scoláire le tuiscint níos doimhne a fháil ar ghraif, cé go bhfuil roinnt ceisteanna nach mór cuimhneamh orthu.<br>- Níor chóir do theicnící bac a chur le forbairt coincheapa in aon topaic agus ní mór don tuiscint a bheith mar bhonn faoi na teicnící i gcónaí. |
| **Snáithe 3<br>Cruth agus spás** | Rinneadh athbhreithniú ar an snáithe seo agus cuireadh tuairimí gach meithle isteach i scríbhinn le go bhféadfaí iad a chur i dtoll a chéile don chéad chruinniú eile. |
| **Na chéad chéimeanna eile** | Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis na baill as a bheith i láthair agus as a rannpháirtíocht<br>ghníomhach leis an gcruinniú. Déanfaidh an Feidhmeannas athbhreithniú<br>ar an bplé agus ullmhóidh dréachtábhair don chéad chruinniú eile<br><br>**An Chéad Chruinniú Eile:** Cruinniú dúbailte ar an 26/27 Bealtaine |